# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

26 Deireadh Fómhair 2023 || Eagrán 170

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

**Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le breis agus trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Is pointe eolais agus foinse taitnimh é *Scéal, Scéal, Scéal...* agus ba bhreá linn dá mbeadh ionchur ag an bpobal ann. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil agus a phlé. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!**

Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an sos an tseachtain seo chugainn agus go mbeidh spórt agus spraoi ag na gasúir (agus na daoine fásta!) a bhéas gléasta suas d'Oíche Shamhna! Ba bhréa linn pictiúir a fheiceáil agus a fhoilsiú sa chéad eagrán eile de *Scéal, Scéal, Scéal...*

**Bíodh Oíche Shamhna Shona agaibh, a chairde!**



# FOLÚNTAS AG AN ITT

**Tá an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh (ITT)/An Crann Taca, ag glacadh le hiarratais ar phost mar Riarthóir Airgeadais agus Maoirseoir Riaracháin. Beidh an té a cheapfar freagrach as riaradh airgeadais agus obair oifige an ITT, faoi stiúir an Bhainisteora. Ní mór d'iarrthóirí taithí riaracháin a bheith acu, agus bheadh cáilíocht tríú leibhéal sa réimse ina bhuntáiste. Tá caighdeán maith Gaeilge riachtanach don phost. Is féidir iarratais agus CV a sheoladh ag ittancranntaca@gmail.com nó chuig An Rúnaí, Ionad Tacaíochta Teaghlaigh/An Crann Taca Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe roimh a 5.00 i.n. Dé hAoine, 10 Samhain 2023 Is féidir eolas breise a fháil maidir le sonraí an phoist ach teagmháil a dhéanamh ittancranntaca@gmail.com**

# CÚRSA PODCHRAOLTÓIREACHTA

**Tá Cúrsa Oiliúna Podchraolta Nua Spreagúil de chuid Stiúideo Voxonic á reáchtáil ag Comharchumann Shailearna Teo.**
**Dianchúrsa a bhéas ann, atá deartha d'earnáil na podchraoltóireachta a chuirfidh ar chumas na rannpháirtithe podchraoltaí dá gcuid féin a chruthú agus a thaifead ar na meáin shóisialta. Is cúrsa 10 n-uair a chloig atá i gceist déanta thar thréimhse 2 lá. Tá na spásanna teoranta, mar sin, moltar go léirítear suim chomh luath agus is féidir. Tá Foirm Clárúcháin don chúrsa le fáil ach teagmháil a dhéanamh leis an gComharchumann ag 091 399199 nó is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig sailearna@gmail.com**
**Ní mór an fhoirm a bheith arais roimh an Aoine 3 Samhain 2023.**



# TRÁTH NA GCEIST I ROS A' MHÍL

Tá Tráth na gCeist á reáchtáil ag Scoil Cholm Cille, Ros a' Mhíl ar an Déardaoin 9 Samhain @ 8i.n. i dTigh Terry, Ros a' Mhíl. Tá an scoil ag iarraidh airgead a bhailiú le naíonra nua a thógáil ann. Beidh táille de €20 i gceist do bhord de cheathrar. Beidh crannchur le neart duaiseanna le buachan ar an oíche freisin. Tá pobal na scoile ag súil go bhfeicfí ann tú!

# CRIÚ AN OIREACHTAIS

Tá An tOireachtas ag cuartú daoine le cuidiú leo le linn na féile! Ní bhíonn i gceist ach 3 uair an chloig ag an am (má tá daoine sásta níos mó ná sliotán amháin a dhéanamh, fáilteofar roimhe sin chomh maith.) Is éard a bheadh i gceist leis an obair ná; Iomaitheoirí a shíniú isteach, oibriú ar an deasc eolais/oifig na dticéad, doirseoireacht agus cúnamh ginearálta a thabhairt le cinntiú go n-éiríonn le chuile imeacht agus comórtas a bhíonn ar siúl le linn na Féile. Gheobhaidh gach ball criú ollticéad/cárta aitheantais mar chomhartha buíochais as ucht a gcuid ama. Má tá suim agat cúnamh a thabhairt, is féidir clárú anseo: https://www.antoireachtas.ie/oireachtas-na-samhna/criu-an-oireachtais/ Nó is féidir teagmháil a dhéanamh le Dara ag 083 459 5492 chun d'ainm a chur síos!

Chomh maith le sin, is féidir teacht ar chlár iomlán na Féile anois ag an suíomh idirlín: www.antoireachtas.ie. Cuirfear tús leis an bhFéile go hoifigiúil @ 3:30i.n. ar an gCéadaoin 1 Samhain, áit a bhronnfar Duaiseanna Liteartha an Oireachtais.

An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL

# EALAÍONTÓIRÍ CÓNAITHE AG STIÚIDEO CUAN

Ainmníodh Cormac Ó Comhraí, Sarah Griallais, Mary Bergin agus Darach Ó Scolaí mar ealaíontóirí cónaithe ag Stiúideo Cuan le gairid. Tá failte roimh chách ag na hoícheanta airneáin agus seanchais a bhéas ar siúl chuile Mháirt @ 8:30i.n. le seal a chaitheamh leis na healaíontóirí cónaithe le cúrsaí ceoil, scéalaíochta, oidhreachta agus traidisiúin a cheiliúradh agus a phlé. Saorchead isteach.

# VÓTÁIL DO GHRADAM AN POST


Chúig leabhar atá ainmnithe ar an ngearrliosta do leabhar Gaeilge na bliana do na gradaim a bhronnann An Post do na Irish Book Awards. Cló Iar Chonnacht a d'fhoilsigh trí cinn díobh: *Ag Dul i bhFad* le hAlan Titley, *Béal na Péiste* le Fionntán de Brún agus *Sa Pholl Báite* le hAnna Heussaff. Tá *Ceallach* le Diarmuid Johnson ó Leabhar Breac ar an liosta freisin. Comhghairdeachas leo! Is ar leabhra ficsin amháin a bronntar an gradam Gaeilge. Is ar bhonn vótaí ón bpobal a roghnaítear na buaiteoirí agus níl le déanamh ach dul chuig an nasc seo: https://www.irishbookawards.ie le vóta a chaitheamh. Tá saothair le beirt údar eile ar liostaí i gcatagóirí eile a gcuirfidh pobal léitheoireachta na Gaeilge spéis iontu: *Teasáras Gaeilge-Béarla | Irish-English Thesaurus* le Gary Bannister sa rannóg don leabhar Éireannach is fearr a foilsíodh i mbliana agus an gearrscéal *The Story of Elizabeth* leis an údar dhá theangach Celia de Fréine. Fógrófar buaiteoir an ghradaim do Leabhar Ficsin Gaeilge na Bliana 2023 agus buaiteoirí eile ar fad ag ócáid bhronnta a bheidh ar siúl in Ionad na Comhdhála i mBaile Átha Cliath ar an 22 Samhain. Tapaigí an deis agus caithigí vóta!

# GRADAM ÁRAS CHOIS FHARRAIGE

Tá Gradam Áras Chois Fharraige á reáchtáil arís i mbliana, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Tugann an gradam deis do mhic léinn altranais cur lena gcuid traenála agus taithí trí phost traenála páirt aimseartha a fháil ag an Áras, chomh maith le duais de €1,000 le cúnamh a thabhairt dóibh lena gcuid staidéir. Le cur isteach ar an gcomórtas, iarrfar ar iarrthóirí aiste (500 focal) a scríobh bunaithe ar an teideal *Na buntáistí a bhaineann le timpeallacht Ghaeilge labhartha d'Aosaigh atá ina gcónaí i dteach altranais*. Ní  mór cló 'Arial' (12) agus spásáil dhúbailte a úsáid. Bronnfar 50% de na marcanna ar chur i láthair agus caighdeán na Gaeilge, agus beidh 50% eile ar fáil d'ábhar an aiste. Chomh maith le sin, beidh ar na hiarrthóirí dul faoi agallamh le bainistíocht an Árais. Tá an comórtas oscailte do mhic léinn a chuireann tús lena gcuid staidéir altranais i 2023. Ní mór d'iarrthóirí a n-iarratas a sheoladh ag an Áras roimh an Aoine 3 Samhain. Ní mór d'ainm, do sheoladh agus sonraí teagmhála a chur san áireamh. Is féidir iarratais a sheoladh ag Áras Chois Fharraige, Páirc, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

# CLUB LEABHAIR CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh Club Leabhar Chois Fharraige le chéile ar an 8 Samhain, i dTigh Mholly  le 'Fanacht Fada...agus scéalta eile' le Seán Ó Cadhain a phlé.  Cnuasach de scéalta ficsean, de chuid Choiscéim atá ann. Is féidir an leabhar a cheannach ar líne nó go díreach ó Chló Iar-Chonnacht agus ón Siopa Leabhar. Cuirfear tús le cúrsaí @ 9i.n.  Fáilte roimh chách.






# AIREACHAS DO PHÁISTÍ

Cuirfear tús le ranganna Aireachas do Pháistí go luath ag Teachna Gaeilge, Maigh Cuilinn. Beidh na seisiúin seo ar siúl ar anMáirt @ 3:30i.n., tar éis na scoile. Cuirfear tús leis an gcúrsanua ar an Máirt 7 Samhain agus mairfidh an cúrsa ar feadh séseachtaine. Tá costas €80 ar an gcúrsa. Is féidir níos mó eolaisa fháil ach teagmháil a dhéanamh le Katie agwww.solasrelaxation.com/faoilathair





# FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE DE CHUID IMRAM

Cuireadh tús le Féile Litríochta Gaeilge de chuid IMRAM le gairid (18-21 Deireadh Fómhair) agus beidh sí ar ais arís le linn na Samhna (10-18). Is í aidhm na Féile Litríochta ná le litríocht na Gaeilge a chur i gceartlár an tsaoil phoiblí in Éirinn. Tacaíonn an Fhéile bhliantúil seo le scríbhneoirí, spreagrann sí díospóireacht agus meallann sí cainteoirí agus foghlaimeoirí na Gaeilge in Éirinn agus ar fud na cruinne! Tá clár iontach á reáchtáil ag IMRAM i mbliana, atá ar fáil ina iomlán ar an suíomh www.imram.ie






# CAMPA DRÁMAÍOCHTA NA SAMHNA

Tá campa drámaíochta na Samhna á reáchtáil ag Fíbín sa Taibhdhearc ar an 30ú Deireadh Fómhair - 2ú Samhain. Mairfidh an campa ó 10r.n.-2.30i.n. chuile lá. Gearrfar táille de €60 in aghaidh an pháiste. Beidh an campa feiliúnach d'aisteoirí óga idir 7-12 bliain. Díreofar ar scileanna agus ar mhuinín an aisteora a fhorbairt, ag baint úsáide as teicnící spraíúla. Meascán de dhrámaíocht, cheol, ghluaiseacht agus go leor eile a bhéas ann. Beidh deis ag na haisteoirí óga a gcuid samhlaíochta agus tallainne a roinnt leis an saol nuair a chuirfidh siad taispeántas beag ar siúl ar stáitse iomráiteach na Taibhdheirce, ar an Aoine 2ú. Is féidir clárú don champa anseo:
https://docs.google.com/forms/d/e/1FAIpQLSfJYvjKB8oh6thn
BW7RUTpt3XyrcA8jKUw50maVYRCC1CTxBw/viewform

# SCEIDEAL NA SAMHNA @ AN TAIBHDHEARC

**Is iomaí ócáid iontach atá á reáchtáil ag Fíbín sa Taibhdhearc le linn na Samhna. Ar an 3 Samhain, beidh 'Together as One' á reáchtáil - oíche spreagúil agus cumhachtach a dhéanfaidh ceiliúradh ar éagsúlacht na Cathrach agus cumhacht an cheoil sa phobal. Is ócáid de chuid Migrant Collective Galway, grúpa a thacaíonn leo siúd nach bhfaigheann aitheantas sa bpobal, é 'Together as One' agus cuirfidh siad seó ilghnéitheach ar stáitse chun airgead a thiomsú do bhailiúchán na Nollag. Bronnfar an t-airgead ar Imircigh sa Chathair agus ar fud Contae na Gaillimhe. Cuirfear tús le cúrsaí @ 7i.n. Beidh táille de €20 + táille áirithinte i gceist. Cuirfidh 'Black Gate' an cumadóir agus amhránaí, Ultan Conlon i láthair ar an Satharn 4 Samhain. Tosóidh an choirm ceoil @ 8i.n. agus is féidir ticéad a cheannach ar €20. Roimhe sin, ar an Satharn 28 Deireadh Fómhair, tiocfaidh Síomha chun stáitse @ 8i.n. Is féidir ticéad a cheannach ar €25. Chomh maith le sin, ar an 17 Samhain, beidh deis ag muintir na Gaillimhe taitneamh a bhaint as saothar de chuid an cheoltóra agus chumadóra aitheanta Neil Ó Lochlainn as Contae an Chláir. Samhlaíonn an togra is déanaí leis, 'Emain Ablach', scéal miotaseolaíoch trí shaothar nua ceoil, le filíocht scríofa ag Aifric Mac Aodha agus aithriste ag Billy MagFhloinn. Tá ensemble de cheoltóirí traidisiúnta, snagcheoil agus comhaimseartha curtha le chéile ag Neil don togra speisialta seo. €15-20 atá ar na ticéid don ócáid seo. Is féidir níos mó eolais faoi chlár na Samhna ag an Taibhdhearc a fháil ar ar líne: www.taibhdhearc.com nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ag 091 399 277**

